| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad atá tú **ag déanamh**? | What are you **doing**? |
| | An bhfuil tú **ag léamh**? | Are you **reading**? |
| | Tá. Tá mé **ag léamh**. | Yes. I am **reading**. |
| | Níl. Níl mé **ag léamh**. | No. I'm not **reading**. |
| **2.** | Cad a bhí tú **ag déanamh**? | What were you **doing**? |
| | An raibh tú **ag léamh**? | Were you **reading**? |
| | Bhí. Bhí mé **ag léamh**. | Yes. I was **reading**. |
| | Ní raibh. Ní raibh mé **ag léamh**. | No. I wasn't **reading**. |
| **3.** | Léigh mé litir aréir. | I read a letter last night. |
| | Bhí mé **ag léamh** litreach aréir. | I was **reading** a letter last night. |
| | Léigh mé an litir aréir. | I read the letter last night. |
| | Bhí mé **ag léamh** na litreach aréir. | I was **reading** the letter last night. |
| **4.** | Tá na páistí **ag imirt** cluiche. | The children are **playing** a game. |
| | Tá an cailín **ag briseadh** an phláta. | The girl is **breaking** the plate. |
| | Tá Seán **ag tógáil** briosca. | John's **taking** a cookie. |
| | Tá na páistí **ag déanamh** mionghháire. | The children are **smiling**. |
| | Tá an buachaill **ag scríobh** litreach. | The boy is **writing** a letter. |
| | Tá sé **ag caitheamh** na liathróide. | He's **throwing** the ball. |
| | An bhfuil sé **ag ól** líomanáide? | Is he **drinking** lemonade? |
| **5.** | Tá an fear **ag breathnú** ar an teilifís. | The man is **watching** the television. |
| | Tá sí **ag breith** ar an liathróid. | She's **catching** the ball. |
| | Tá Peadar **ag feitheamh** liom. | Peter's **waiting** for me. |
| | Tá mé **ag éisteacht** leis an raidió. | I'm **listening** to the radio. |
| | Tá sé **ag labhairt** leis an gcailín. | He's **talking** with the girl. |
| | Tá na páistí **ag gáire** faoin madra. | The children are **laughing** at the dog. |
| **6.** | Is maith liom **a bheith ag léamh**. | I like **to read**. |
| | Is breá liom **a bheith ag imirt** peile. | I love **to be playing** [Gaelic] football. |
| | Is fearr liom cispheil **a imirt**. | I prefer **to play** basketball. |
| | Ar mhaith leat dinnéar **a ithe**? | Would you like **to eat** dinner? |
| | Ba mhaith liom é **a ithe** anois díreach. | I'd like **to eat** it right now. |
| | Níor mhaith liom é **a ithe** go fóill. | I wouldn't like **to eat** it yet. |
| | B'fhearr liom brioscaí **a ithe**. | I'd rather **eat** cookies. |
| **7.** | Tá Tomás ina **chodladh**. | Tom's **sleeping**. |
| | Níl Máire ina **codladh** go fóill. | Mary's not **sleeping** yet. |
| | An bhfuil tú i do **chodladh**, a Mháire? | Are you **asleep**, Mary? |
| | Níl. Níl mé i mo **chodladh** go fóill. | No. I'm not **sleeping** yet. |
| | Tá mé i mo **luí**. | I'm **lying** down. |
| | Tá mé i mo **shuí**. | I'm **sitting** (or awake). |
| | Tá mé i mo **sheasamh**. | I'm **standing**. |
| | Tá mé i **bhfolach**. | I'm **hiding**. |

| | |
|---|---|
| **<u>Comhrá 1</u>** | **<u>Conversation 1</u>** |
| C: Dia duit, a Phádraigín. | Hi Patricia. |
| P: Dia is Muire duit, a Cháit. | Hi, Kate. |
| C: Conas tá tú? | How are you? |
| P: Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| C: Cad a bhí tú **ag déanamh** inniu? | What were you **doing** today? |
| P: Bhí mé **ag damhsa**. | I was **dancing**. |
| **<u>Comhrá 2</u>** | **<u>Conversation 2</u>** |
| T: Cad a bhí tú **ag déanamh** aréir? | What were you **doing** last night? |
| S: Bhí mé **ag léamh** leabhair. | I was **reading** a book. |
| T: Cén leabhar a bhí tú **ag léamh**? | Which book were you **reading**? |
| S: Bhí mé **ag léamh** "An Béal Bocht". | I was **reading** "The Poor Mouth". |
| T: Bhí mé féin **ag scríobh** litreach aréir, | I myself was **writing** a letter last night, |
| ach léigh mé an leabhar sin anuraidh. | but I read that book last year. |
| **<u>Comhrá 3</u>** | **<u>Conversation 3</u>** |
| A: Cá bhfuil na páistí anois? | Where are the children now? |
| B: Bhí siad **ag imirt** peile sa pháirc. | They were **playing** football in the park. |
| A: An bhfuil siad **ag imirt** go fóill? | Are they still **playing**? |
| B: Níl. Tá siad **ag troid** anois. | No. They're **fighting** now. |
| A: Féach! Tá Seáinín bocht **ag caoineadh**. | Look! Poor Johnny's **crying**. |
| B: Agus tá na buachaillí eile **ag rith** abhaile. | And the other boys are **running** home. |
| **<u>Comhrá 4</u>** | **<u>Conversation 4</u>** |
| A: An maith leat **a bheith ag imirt** peile? | Do you like **to play** football? |
| B: Ní maith. Is fearr liom leadóg **a imirt**. | No. I prefer **to play** tennis. |
| A: Ar mhaith leat cluiche leadóige | Would you like **to play** |
| **a imirt** liomsa? | a game of tennis with me? |
| B: Ba mhaith. Go raibh maith agat. | Yes. Thanks. |
| A: Beidh mé **ag fanacht** leat anseo. | I'll be **waiting** for you here. |
| B: Ní bheidh tú **ag fanacht** i bhfad. | You won't be **waiting** long. |

## Comhrá 5 / Conversation 5

| | | |
|---|---|---|
| A: | An raibh tú **i do shuí** go luath? | Were you **awake** early? |
| B: | Ní raibh. | No. |
| | D'fhan mé **i mo chodladh** go déanach. | I stayed **asleep** until late. |
| A: | An raibh tú **ag rince** aréir? | Were you **dancing** last night? |
| B: | Ní raibh. Bhí mé **ag scríobh** litreach. | No. I was **writing** a letter. |
| A: | Bhí mé féin **ag breathnú** ar an teilifís. | I myself was **watching** television. |
| B: | B'fhearr liomsa litir **a scríobh**. | I'd rather **write** a letter. |

## Dán Poem

(le Síle Ní Rabhartaí)

| **An Oíche** | **The Night** |
|---|---|
| Chonaic mé an oíche **ag teacht** anuas | I saw the night **coming** down |
| Mar chóta mór dubh ar an tuath | Like a large black coat on the countryside |
| Chuala mé na páistí **ag dul** a luí, | I heard the children **going** to sleep, |
| Le torann agus brón sa seomra istigh | With noise and sorrow in the room inside |
| D'fhág mé an madra **ag tafann** amuigh | I left the dog **barking** outside |
| Go brónach san oíche **ag caoineadh** sa ghaoth. | Sadly in the night, **crying** in the wind. |

## Dán Poem

(le Colm Mac Lochlainn)

| **Chuala mé an Ghaoth** | **I Heard the Wind** |
|---|---|
| Chuala mé an ghaoth | I heard the wind |
| **Ag bualadh** na bhfuinneog, | **Beating** the windows, |
| **Ag cnagadh** ar na doirse, | **Knocking** on the doors, |
| **Ag séideadh** na nduilleog. | **Blowing** the leaves. |
| | |
| Chuala mé an ghaoth | I heard the wind |
| **Ag luascadh** an chrainn, | **Shaking** the tree, |
| **Ag leagan** na slinnte | **Knocking down** the shingles |
| Anuas ón díon. | Down from the roof. |
| | |
| Chuala mé an ghaoth, | I heard the wind, |
| An oíche go léir, | The whole night, |
| **Ag séideadh** na fearthainne | **Blowing** the rain |
| Tríd an aer. | Through the air. |